CINNTÍ

CINNEADH TARMLIGTHE (AE) 2021/1167 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Aibreán 2021

lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír agus an dara fomhír d'Airteagal 4(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ar na Ballstáit bailiú a dhéanamh ar na sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha atá riachtanach le haghaidh bainistiú iascaigh.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2017/1004 ar an gCoimisiún clár ilbhliantúil Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh (clár ilbhliantúil AE).

(3) Tá an clár ilbhliantúil AE riachtanach chun gur féidir leis na Ballstáit a ngníomhaíochtaí bailithe sonraí a shonrú agus a phleanáil sna pleananna oibre náisiúnta uathu agus leagtar amach ann liosta mionsonraithe ceanglas sonraí le haghaidh bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil agus socheacnamaíocha, liostaítear ann suirbhéanna éigeantacha ar muir agus socraítear ann tairseacha le haghaidh bailiú sonraí. Glacadh an clár ilbhliantúil AE do 2020-2021 le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún ([3]) agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún ([4]). Rachaidh an dá chinneadh sin in éag an 31 Nollaig 2021.

(4) Dá bhrí sin, bunaítear leis an gCinneadh seo socruithe mionsonraithe maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha ag na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1004 ón 1 Eanáir 2022.

(5) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na grúpaí ábhartha um chomhordú réigiúnach agus leis an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach ar aon dul le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2017/1004.

([1]) IO L 157, 20.6.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena mbunaítear an clár ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 27).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2019 lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach chun críocha an chláir ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe (IO L 145, 4.6.2019, lch. 21).

(6) Tá an cinneadh seo le léamh i gcomhar le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ([5]), lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/909 ón gCoimisiún agus lena mbunaítear an liosta suirbhéanna éigeantacha ar muir agus na tairseacha ar faoina mbun nach bhfuil sé éigeantach do na Ballstáit sonraí a bhailiú bunaithe ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe nó suirbhéanna taighde ar muir a dhéanamh, dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1004, ón 1 Eanáir 2022. Leagtar síos ann freisin limistéir na réigiún muirí chun críocha bailithe sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(11) de Rialachán (AE) 2017/1004.

(7) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo clár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh ó 2022, lena gcumhdaítear an liosta mionsonraithe ceanglas sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2017/1004.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/910 ón gCoimisiún.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022 (féach leathanach 92 den Iris Oifigiúil seo).

IARSCRÍBHINN

CAIBIDIL I

Sainmhínithe

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach sna rialacháin seo a leanas: Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), ag Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([2]), ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([3]), ag Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus ag Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Ina theannta sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) **soitheach gníomhach**: soitheach a bhí páirteach in aon oibríocht iascaireachta ar feadh aon lae amháin ar a laghad i mbliain féilire.

(2) **codán gabhála**: cuid den ghabháil iomlán, amhail an chuid den ghabháil a thugtar i dtír atá os cionn na híosmhéide tagartha caomhnaithe, an chuid den ghabháil a thugtar i dtír atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe, agus na hábhair mhuirí aischurtha dhlíthiúla, arna miondealú ina gcuid atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe agus ina gcuid atá os cionn na híosmhéide tagartha caomhnaithe.

(3) **lá ar muir:** aon tréimhse leanúnach 24 uair an chloig (nó cuid di) ar lena linn atá an soitheach i láthair laistigh de limistéar iascaireachta sainithe agus atá sé as láthair ón gcalafort.

(4) **gabhálacha áineasa:** gach comhpháirt den ghabháil choinnítear, a aischuirtear agus a scaoiltear, bíodh sí marbh nó beo, a thógtar le linn iascaigh áineasa.

(5) **speicis dhédhrómacha:** speicis éisc a imirceann idir an mhuir agus fionnuisce mar chuid dá saolré.

(6) **lá iascaireachta:** aon lá féilire ar muir ina ndéantar gníomhaíocht iascaireachta, gan dochar d'oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus oibleagáidí idirnáisiúnta a Bhallstát. Is féidir le turas iascaireachta amháin rannchuidiú le suim na laethanta iascaireachta le haghaidh trealaimh éighníomhacha a úsáidtear ar an turas sin agus le suim na laethanta iascaireachta le haghaidh trealaimh ghníomhacha a úsáidtear ar an turas sin araon.

(7) **meá**: aonad geografach ina ndéantar iascaireacht. Déanfar na haonaid a chomhaontú ar leibhéal an réigiúin mhuirí ar bhonn na limistéar atá ann cheana arna sainiú ag eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh nó ag comhlachtaí eolaíocha.

(8) **cuid chabhlaigh**: grúpa soithí a bhfuil an aicme faid chéanna (LOA, fad foriomlán) agus an príomhthrealamh iascaireachta céanna acu le linn bliain féilire ar leith.

(9) **soitheach neamhghníomhach**: soitheach nach raibh páirteach in oibríochtaí iascaireachta le linn bliain féilire ar leith.

(10) **iascach**: grúpa gníomhaíochtaí iascaireachta ina ndírítear ar speiceas comhchosúil nó ar chluichreán speiceas comhchosúil, ina n-úsáidtear trealamh comhchosúil ([6]), le linn na tréimhse céanna den bhliain agus/nó laistigh den limistéar céanna, agus a bhfuil patrún saothraithe comhchosúil mar shaintréith acu.

([1]) Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcomhbheartas iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

([6]) Mar a shonraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011.

(11) **suirbhé taighde ar muir**: gníomhaíochtaí a bhfuil i gceist leo faireachán a dhéanamh ar stoic éisc agus/nó ar acmhainní bitheolaíocha muirí agus ar an éiceachóras, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar ar shoitheach atá tiomnaithe do thaighde eolaíoch den sórt sin agus ar ainmnigh Ballstát é don chúram sin.

CAIBIDIL II

Modhanna bailithe sonraí agus ceanglais sonraí

1. **Prionsabail ghinearálta**

1.1. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/1004, forbróidh na Ballstáit pleananna oibre náisiúnta, ina sonrófar na sonraí atá le bailiú agus na modhanna bailithe sonraí.

1.2. Beidh na modhanna bailithe sonraí agus cáilíocht an bhailithe sonraí oiriúnach do na cuspóirí beartaithe a shainítear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Beidh na modhanna a chuirfear i bhfeidhm ag teacht le comhairle eolaíoch ábhartha agus le dea-chleachtais eolaíocha ábhartha. Féadfaidh na Ballstáit staidéir a dhéanamh chun modhanna bailithe sonraí a iniúchadh, a fhorbairt agus a thástáil a thuilleadh. Déanfaidh comhlachtaí eolaíocha neamhspleácha na modhanna agus cur i bhfeidhm na modhanna a mheasúnú ag eatraimh thráthrialta chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnach do na cuspóirí atá beartaithe. Déanfaidh na Ballstáit an dóigh a bpleanálann siad bailiú sonraí agus a gcuireann siad bailiú sonraí chun feidhme a oiriúnú i gcomhréir le torthaí na measúnuithe sin.

1.3. A mhéid a bhaineann leis na sonraí a shonraítear i bpointí 2, 3, 4 agus 5 thíos, déanfar sonraí arna dtuairisciú agus arna dtarchur faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear logleabhair, nótaí díolacháin agus sonraí suímh, amhail sonraí VMS, agus nithe eile nach iad, a chur ar fáil i bhfoirm phríomhúil do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu.

1.4. A mhéid a bhaineann leis na sonraí a shonraítear i bpointí 2, 3 agus 4 thíos, comhaontóidh na Ballstáit, ar leibhéal an réigiúin mhuirí, na sonraí atá le bailiú, bunaithe ar na riachtanais shainaitheanta atá ag úsáideoirí deiridh sonraí eolaíocha ("riachtanais úsáideoirí deiridh"), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, speicis, stoic, réigiúin, athróga, modheolaíocht agus minicíocht an bhailithe sonraí i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2017/1004. Leis na sonraí a bhaileofar ar an mbealach sin, cuirfear ar chumas do na húsáideoirí deiridh na measúnuithe riachtanacha a dhíorthú do gach cineál iascach ábhartha, tréimhsí ama agus limistéar. Más rud é nach féidir aon chomhordú réigiúnach a bhaint amach, bunóidh na Ballstáit modh bailithe sonraí náisiúnta ar bhealach atá bunaithe ar riachtanais úsáideoirí deiridh.

1.5. A mhéid a bhaineann leis na sonraí sóisialta agus eacnamaíocha a shonraítear i bpointí 5, 6 agus 7 thíos, beidh feidhm ag na sainmhínithe dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach ([7]). Déanfar sainmhínithe breise ar athróga, ar strataim agus, i gcás inarb iomchuí, ar mhodheolaíocht bailithe a chomhordú i measc na mBallstát lena mbaineann.

1.6. Agus iad ag sonrú na sonraí atá le bailiú, tabharfaidh na Ballstáit aird ar na tairseacha a shocraítear i gCaibidil II den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168 ([8]) ón gCoimisiún lena mbunaítear an liosta suirbhéanna taighde éigeantacha agus tairseach mar chuid de chlár ilbhliantúil an Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe.

1.7. Tá na sonraí atá le bailiú roinnte ina dtacair, a shonraítear i bpointe 2 go pointe 7 den Chaibidil seo.

2. **Sonraí bitheolaíocha faoi acmhainní bitheolaíocha saothraithe arna ngabháil ag iascaigh thráchtála agus áineasa an Aontais**

2.1. A mhéid a bhaineann le hiascaigh thráchtála:

a) cuimseoidh na sonraí cainníochtaí gabhála de réir speicis agus sonraí bitheolaíocha ó eiseamail aonair chun gur féidir minicíocht méide agus faid agus athróga bitheolaíocha amhail aois, gnéas, meachan, aibíocht agus bisiúlacht aonair a mheas maidir le gach codán gabhála de réir speicis agus limistéar bainistíochta a liostaítear i dTábla 1. Maidir leis na sonraí a theastaíonn chun minicíocht méide agus faid a mheas, tuairisceofar iad ar an leibhéal comhiomlánaithe a theastaíonn ón úsáideoir deiridh ábhartha, trí úsáid a bhaint, i gcás inarb ábhartha as na cóid trealaimh a liostaítear i dTábla 5;

([7]) Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1).

([8]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/1168 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2021 lena mbunaítear an creat ilbhliantúil Aontais maidir le bailiú agus bainistiú sonraí bitheolaíocha, comhshaoil, teicniúla agus socheacnamaíocha in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe ó 2022 (IO 253 ... 92).

b) ina theannta sin, baileofar na sonraí seo a leanas faoi speicis dhiadromacha a liostaítear i dTábla 3 a ghabhfar le linn na coda fionnuisce dá saolré, cibé bealach a dhéantar iascaigh den sórt sin:

i. athróga a bhaineann le stoc a roghnóidh ag na Ballstáit ar an leibhéal réigiúnach, bunaithe ar riachtanais úsáideoirí deiridh,

ii. cainníochtaí bliantúla gabhála le haghaidh bradán agus bric gheala,

iii. cainníochtaí bliantúla gabhála de réir céim saoil le haghaidh eascann.

2.2. A mhéid a bhaineann le hiascaigh áineasa, cuirfidh na Ballstáit scéimeanna samplála ilspeicis atá láidir ó thaobh staidrimh de chun feidhme, ar scéimeanna iad lena gcumasaítear cainníochtaí gabhála a mheas le haghaidh stoc a chomhaontófar ar an leibhéal réigiúnach, i gcomhréir le riachtanais na n-úsáideoirí deiridh ábhartha. I gcás inarb amhlaidh nach ann do scéimeanna den sórt sin, baileoidh na Ballstáit sonraí lena gcumasófar cainníochtaí gabhála a mheas le haghaidh na speiceas agus na limistéar a liostaítear i dTábla 4.

I gcás ina ndéanfaidh gabhálacha áineasa difear d'fhorbairt stoc éisc, déanfaidh na Ballstáit sampláil bhitheolaíoch i gcomhréir le riachtanais úsáideoirí deiridh, mar a chomhaontófar ar leibhéal an réigiúin mhuirí.

2.3. Ina theannta sin:

a) i gcás bradán agus breac geal, baileofar sonraí faoi fhlúirse na ngealóg agus na muóg agus faoin líon iasc aonair éiritheach in aibhneacha.

b) i gcás eascann, baileofar sonraí faoi na nithe seo a leanas in aon ghnáthóg ábhartha mhuirí nó aon ghnáthóg ábhartha uisce intíre i ndobharlach amháin ar a laghad in aghaidh an aonaid bhainistíochta eascann: flúirse na n-iasc óg inghafa, flúirse an stoic sheasta (eascann bhuí), agus líon, meáchan agus cóimheas gnéis na n-eascann geal atá ar imirce le sruth.

Is ar an leibhéal réigiúnach, ag brath ar riachtanais úsáideoirí deiridh, a dhéanfar sainiú agus comhordú ar ainmniú na ndobharlach, lena n-áirítear aibhneacha, ar roghnú na n-athróg a bhaineann le stoc atá le bailiú agus a bhfuil faireachán le déanamh orthu, agus ar an minicíocht samplála le haghaidh bradán, bric gheala agus eascann. I gcás inarb amhlaidh nach ann d'aon chomhordú réigiúnach, bunóidh na Ballstáit scéimeanna samplála náisiúnta a bheidh bunaithe ar riachtanais úsáideoirí deiridh.

3. **Sonraí faoi ghníomhaíocht shoithí iascaireachta an Aontais** [9]**laistigh d'uiscí an Aontais agus lasmuigh díobh**

3.1. Cumhdófar sna sonraí na hathróga a léirítear i dTábla 6 ar an leibhéal geografach ábhartha is lú de réir cuid chabhlaigh (Tábla 8) agus leibhéal iascaigh 6 (Tábla 5). Déanfar sonraí den sórt sin a thaifeadtar, a thuairiscítear agus a tharchuirtear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear sonraí suímh, amhail sonraí VMS ([10]) nó AIS ([11]), a chur ar fáil i bhfoirm phríomhúil do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu. I gcás inarb amhlaidh nach mbeidh aon oibleagáid ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 na sonraí sin a thaifeadadh, nó i gcás inarb amhlaidh nach gcomhlíonfar leis na sonraí sin riachtanais chumhdaigh, taifigh agus/nó cháilíochta na n-úsáideoirí deiridh, cuirfear modhanna samplála iomchuí eile i bhfeidhm.

3.2. Sna sonraí faoi iascaigh thráchtála uisce intíre le haghaidh eascann cumhdófar na hathróga a léirítear i dTábla 6. Déanfar sonraí a thaifeadfar faoi Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 a chur ar fáil i bhfoirm phríomhúil do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu. I gcás inarb amhlaidh nach mbeidh aon oibleagáid ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 na sonraí sin a thaifeadadh, nó i gcás inarb amhlaidh nach gcomhlíonfar leis na sonraí sin riachtanais chumhdaigh, taifigh agus/nó cháilíochta na n-úsáideoirí deiridh, cuirfear modhanna samplála iomchuí eile i bhfeidhm.

([9]) Lena n-áirítear ceanglais shonracha ar eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh.

([10]) Sonraí an chórais faireacháin soithí – a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú.

([11]) Córas aitheantais uathoibríoch – dá dtagraítear i dTreoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí.

4. **Sonraí faoin tionchar a imríonn iascaigh an Aontais ar acmhainní bitheolaíocha muirí agus éiceachórais mhuirí laistigh d'uiscí an Aontais agus lasmuigh díobh araon**

4.1. Baileofar sonraí faoi na cásanna uile (meáchan na n-iasc aonair agus/nó an líon iasc aonair in aghaidh an speicis ar a laghad, ag brath ar an aonad iomchuí le haghaidh speiceas ar leith) ina ghabhtar de thaisme éin mhara, mamaigh, reiptílí agus éisc faoi chosaint, dá dtagraítear i reachtaíocht an Aontais agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad sin a shonraítear i dTábla 2, agus speicis inveirteabracha bheantacha a shainaithnítear mar tháscaire ([12]) VME speicis ([13]). Taifeadfar sonraí den sórt sin le linn turais bhreathnóirí eolaíocha ar shoithí iascaireachta, nó taifeadfaidh na hiascairí iad féin sonraí den sórt sin, trí úsáid a bhaint as logleabhair nó as modhanna iomchuí eile. I gcás ina mbeidh na sonraí sin neamhleor le haghaidh riachtanais úsáideoirí deiridh, bainfear úsáid as modhanna agus barúlacha comhlántacha eile, bunaithe ar an eolas eolaíoch atá ar fáil, lena n-áirítear measúnuithe riosca.

4.2. Maidir leis na sonraí a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a imríonn iascaigh ar ghnáthóga muirí agus ar speicis a thaifeadtar faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus faoi reachtaíocht ábhartha eile AE, cuirfear iad ar fáil, ar leibhéal iomchuí comhiomlánaithe, do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil na pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu. I gcás nach mbeidh aon oibleagáid ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 na sonraí sin a thaifeadadh, nó i gcás nach gcomhlíonfar leis na sonraí sin riachtanais chumhdaigh, taifigh agus/nó cháilíochta na n-úsáideoirí deiridh, ba cheart modhanna samplála iomchuí eile a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear modhanna a chinnfear trí bhíthin staidéir spriocdhírithe.

4.3. Áireofar sampláil ghoile agus anailís ghoile leis na sonraí a bhaileofar faoin tionchar a imríonn gníomhaíochtaí iascaireachta ar bhia-eangacha.

5. **Sonraí socheacnamaíocha faoi iascaigh**

5.1. Baileofar sonraí eacnamaíocha faoi gach soitheach gníomhach agus neamhghníomhach a liostaítear i gClár Cabhlaigh Iascaireachta an Aontais ([14]) an 31 Nollaig den bhliain tuairiscithe agus faoi gach soitheach eile a mbeidh iascaireacht déanta aige ar feadh aon lae amháin ar a laghad le linn na bliana tuairiscithe. A mhéid a bhaineann le soithí gníomhacha, cumhdófar sna sonraí a bhaileofar na hathróga a léirítear i dTábla 7 de réir na deighilte cabhlaigh a léirítear i dTábla 8 agus de réir na bhfor-réigiún a shainítear i dTábla 2 de Chaibidil III san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1168. I gcás soithí neamhghníomhacha, baileofar sonraí faoi luach caipitil agus faoi chostas caipitil.

Baileofar sonraí eacnamaíocha go bliantúil.

Féadfar sonraí faoi athróga eacnamaíocha a chomhiomlánú ar chúiseanna rúndachta nó i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun plean samplála atá fónta ó thaobh staidrimh de a dhearadh. Beidh comhiomlánú den sórt sin comhsheasmhach le himeacht ama.

5.2. Cumhdófar sna sonraí sóisialta na hathróga a léirítear i dTábla 9 agus baileofar iad gach 3 bliana dar tús 2017, atá ar an gcéad bhliain sonraí tagartha.

6. **Sonraí socheacnamaíocha agus comhshaoil faoin dobharshaothrú**

6.1. Baileofar sonraí eacnamaíocha faoi gach fiontar a sainmhínítear a bpríomhghníomhaíocht de réir chód 03.21, "dobharshaothrú muirí", agus chód 03.22, "dobharshaothrú fionnuisce", den Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE). Cumhdófar sna sonraí a bhaileofar na hathróga eacnamaíocha a léirítear i dTábla 10 de réir na deighilte earnála a leagtar amach i dTábla 11.

Baileofar sonraí eacnamaíocha go bliantúil.

Féadfar sonraí faoi athróga eacnamaíocha a chomhiomlánú ar chúiseanna rúndachta nó i gcás inar gá déanamh amhlaidh chun plean samplála atá fónta ó thaobh staidrimh de a dhearadh. Beidh comhiomlánú den sórt sin comhsheasmhach le himeacht ama.

([12]) Éiceachóras leochaileach muirí – a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 734/2008 ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le héiceachórais leochaileacha mhuirí ar an mórmhuir a chosaint ar éifeacht dhochrach gléasanna iascaireachta grinnill.

([13]) Táscairí VME – dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/2336 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh.

([14]) A shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

6.2. Cumhdófar sna sonraí sóisialta na hathróga a léirítear i dTábla 9 agus baileofar iad gach 3 bliana dar tús 2017, atá ar an gcéad bhliain sonraí tagartha.

6.3. Maidir le sonraí comhshaoil a cheanglaítear faoi reachtaíocht ábhartha AE agus faoi reachtaíocht náisiúnta, amhail sonraí faoi cháilíocht an uisce, faoi éalú éisc, faoi úsáid antaibheathach agus cógas eile agus faoi stádas galair, cuirfear iad ar fáil do na hinstitiúidí náisiúnta a bhfuil na pleananna oibre náisiúnta á gcur chun feidhme acu.

7. **Sonraí socheacnamaíocha faoin earnáil próiseála éisc**

De bhreis agus de bharr ar na sonraí a fhoilsíonn Eurostat agus a bhailíonn na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach agus le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), féadfaidh na Ballstáit sonraí socheacnamaíocha breise a bhailiú faoin earnáil próiseála éisc.

Tábla 1 (Táblaí 1A, B agus C roimhe seo)

Speicis agus limistéir in uiscí an Aontais, i ngach réigiún muirí faoi eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh (RFMOnna) agus faoi Chomhaontuithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) agus sna Réigiúin is Forimeallaí ([16])

Réigiún	**Muir Bhailt**
Limistéar	**Muir Bhailt (limistéir ICES 3b-d, limistéar FAO 27)**
RCG	**Muir Bhailt**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	**Limistéar ICES**
Eascann Eorpach	*Anguilla anguilla*	22-32
Scadán	*Clupea harengus*	22-24; 25-27, 28.2, 29, 32; 28.1; 30-31
Pollán	*Coregonus albula*	22-32
Iasc geal coiteann/iasc geal géarshocach	*Coregonus lavaretus*	3d
Trosc	*Gadus morhua*	22-24; 25-32
Daba	*Limanda limanda*	22-32
Péirse	*Perca fluviatilis*	3d
Leith	*Platichthys flesus*	22-32
Leathóg	*Pleuronectes platessa*	21-23; 24-32
Bradán	*Salmo salar*	22-31; 32
Breac geal	*Salmo trutta*	22-32
Liúsphéirse	*Sander lucioperca*	3d
Turbard	*Scophthalmus maximus*	22-32
Broit	*Scophthalmus rhombus*	22-32
Sól	*Solea solea*	20-24

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lgh. 164).

([16]) Agus pleananna samplála á ndearadh le haghaidh bailiú faisnéis bhitheolaíoch a leagtar síos i gCaibidil II den Iarscríbhinn seo, ba cheart aon teorainneacha stoic a shocraíonn an úsáideoir deiridh ábhartha a chur san áireamh agus ba cheart iarracht samplála iomchuí a shannadh do gach stoc.

Salán	*Sprattus sprattus*	22-32

Réigiún	**An Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir**
Limistéar	**An tArtach Thoir, an Mhuir Ioruach agus Muir Barents (Limistéir ICES 1, 2, limistéar FAO 27)**
RCG	**An tAtlantach Thuaidh, an Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	**Limistéar ICES**
Eascann Eorpach	*Anguilla anguilla*	1, 2
Airgintín mór	*Argentina silus*	1, 2, 5a, 14
Torsca	*Brosme brosme*	1, 2
Scadán	*Clupea harengus*	1, 2
Trosc	*Gadus morhua*	1, 2
Gearrthóir	*Galeorhinus galeus*	1, 2
Daba gorm	*Hippoglossoides platessoides*	1, 2
Caibeallán	*Mallotus villosus*	1, 2
Cadóg	*Melanogrammus aeglefinus*	1, 2
Faoitín gorm	*Micromesistius poutassou*	1, 2
Langa gorm	*Molva dypterygia*	2
Langa	*Molva molva*	1, 2
Scoirneach	Mustelus spp.	1, 2, 14
Séacla Artach	*Pandalus borealis*	1, 2
Glasán	*Pollachius virens*	1, 2
Haileabó Graonlannach	*Reinhardtius hippoglossoides*	1, 2
Bradán	*Salmo salar*	1, 2
Breac geal	*Salmo trutta*	1, 2
Ronnach	*Scomber scombrus*	2
Péirse dhomhainmhara	*Sebastes mentella*	1, 2
Péirse mhara	*Sebastes norvegicus*	1, 2
Fíogach gobach	*Squalus acanthias*	Gach limistéar
Bolmán	*Trachurus trachurus*	2a

Réigiún	**An Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir**
Limistéar	**An Mhuir Thuaidh agus Muir nIocht Thoir (limistéir ICES 3a, 4 agus 7d, limistéar FAO 27)**
RCG	**An tAtlantach Thuaidh, an Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	**Limistéar ICES**

Corr ghainimh	*Ammodytidae*	3a, 4
Cat mara	Anarhichas spp.	4
Eascann Eorpach	*Anguilla anguilla*	3a, 4, 7d
Airgintín mór	*Argentina silus*	3a, 4
Airgintín	Argentina spp.	4
Cnúdán dearg	*Aspitrigla cuculus*	3a
Torsca	*Brosme brosme*	3a, 4
Scadán	*Clupea harengus*	3a, 4, 7d
Gránádóir cruinnsocach	*Coryphaenoides rupestris*	3a
Séacla coiteann	*Crangon crangon*	4, 7d
Doingean mara	*Dicentrarchus labrax*	4, 7d
Cnúdán glas	*Eutrigla gurnardus*	3a, 4
Trosc	*Gadus morhua*	3aN; 3aS; 4, 7d
Gearrthóir	*Galeorhinus galeus*	3a, 4, 7d
Leathóg bhán	*Glyptocephalus cynoglossus*	3a, 4
Péirse mhara an bhoilg dhuibh	*Helicolenus dactylopterus*	4
Scoilteán na gceithre shúil	*Lepidorhombus boscii*	4, 7d
Scoilteán	*Lepidorhombus whiffiagonis*	4, 7d
Roc na súl dubh	*Leucoraja naevus*	3a, 4
Daba	*Limanda limanda*	3a, 4, 7d
Láimhíneach an bhoilg dhuibh	*Lophius budegassa*	4, 7d
Láimhíneach	*Lophius piscatorius*	4
Gránádóir ceanngharbh	*Macrourus berglax*	4
Cadóg	*Melanogrammus aeglefinus*	3a, 4
Faoitín	*Merlangius merlangus*	3a, 4, 7d
Colmóir	*Merluccius merluccius*	3a, 4, 7
Faoitín gorm	*Micromesistius poutassou*	3a, 4, 7d
Leathóg mhín	*Microstomus kitt*	4, 7d
Langa gorm	*Molva dypterygia*	3a, 4
Langa	*Molva molva*	3a, 4
Milléad dearg	*Mullus barbatus*	4, 7d
Iasc gabhair	*Mullus surmuletus*	4, 7d
Scoirneach	Mustelus spp.	3a, 4, 7d
Gliomach na hIorua	*Nephrops norvegicus*	Uiscí an Aontais i limistéir 3a, 4 agus 2a
Séacla Artach	*Pandalus borealis*	Uiscí an Aontais i limistéir 3a, 4 agus 2a; 4 uisce de chuid na hIorua laisteas de 62°T

Muirín mór	*Pecten maximus*	4, 7d
Colmóir gabhlach mór	*Phycis blennoides*	4
Colmóir gabhlach	*Phycis phycis*	4
Leith	*Platichthys flesus*	4
Leathóg	*Pleuronectes platessa*	3aN; 3aS; 4, 7d
Glasán	*Pollachius virens*	3a, 4
Turbard	*Scophthalmus maximus*	3a, 4, 7d
Roc fionn	*Raja brachyura*	4a, 4c, 7d
Roc garbh	*Raja clavata*	3a, 4, 7d
Roc mionsúileach	*Raja microocellata*	7de
Roc mín	*Raja montagui*	3a, 4, 7d
Roc dústríoctha	*Raja undulata*	7de
Gach sciata agus roc	*Rajidae*	3a
Haileabó Graonlannach	*Reinhardtius hippoglossoides*	4
Bradán	*Salmo salar*	3a, 4, 7d
Breac geal	*Salmo trutta*	3a, 4, 7d
Ronnach	*Scomber scombrus*	3a, 4, 7d
Broit	*Scophthalmus rhombus*	3a, 4, 7d
Fíogach beag	*Scyliorhinus canicula*	3a, 4, 7d
Sól	*Solea solea*	Uiscí an Aontais i limistéir 2a, 3a agus 4; 7d
Salán	*Sprattus sprattus*	Uiscí an Aontais i limistéir 2a, 3a agus 4; 7d
Fíogach gobach	*Squalus acanthias*	Gach limistéar
Bolmán	*Trachurus trachurus*	Uiscí an Aontais i limistéir 4b, 4c agus 7d
Cnúdán gorm	*Trigla lucerna*	4
Trosc Ioruach	*Trisopterus esmarki*	3a, 4
Deoraí	*Zeus faber*	4, 7d

Réigiún	**An tAtlantach Thoir Thuaidh**
Limistéar	**An tAtlantach Thoir Thuaidh agus Muir nIocht Thiar (Limistéir ICES 5, 6, 7 (seachas 7d), 8, 9, 10, 12 agus 14, limistéar FAO 27)**
RCG	**An tAtlantach Thuaidh, an Mhuir Thuaidh agus an tArtach Thoir**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	**Limistéar ICES**
Cluaisín	*Aequipecten opercularis*	7
Slimcheann Baird	*Alepocephalus bairdii*	6, 12
Corr ghainimh	*Ammodytidae*	6a
Eascann Eorpach	*Anguilla anguilla*	Gach limistéar

Scabaird dhubh	*Aphanopus carbo*	5, 6, 7, 12; 9, 10, 13
Catsúiligh dhomhainmhara	Apristurus spp.	5, 6, 7, 8, 9, 10
Airgintín mór	*Argentina silus*	5, 6, 7
Scáiliasc Atlantach	*Argyrosomus regius*	Gach limistéar
Cnúdán dearg	*Aspitrigla cuculus*	Gach limistéar
Alfainsíní	Beryx spp.	3-14
Torsca	*Brosme brosme*	5, 6, 7
Portán dearg	*Cancer pagurus*	Gach limistéar
Torciasc	*Capros aper*	6, 7, 8
Siorc slogach	Centrophorus spp.	5, 6, 7, 8, 9, 10
Fíogach Portaingéalach	*Centroscymnus coelolepis*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Fíogach slim socfhada	*Centroscymnus crepidater*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Fíogach dubh	*Centroscyllium fabricii*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Siorc rufach	*Chlamydoselachus anguineus*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Scadán	*Clupea harengus*	5a; 5b, 6b; 7aN; 6a, 7bc; 7aS, 7gh, 7jk
Eascann choncair	*Conger conger*	Gach limistéar
Gránádóir cruinnsocach	*Coryphaenoides rupestris*	5b, 6, 7; 8, 9, 10, 12, 14
Siorc eite eitleoige	*Dalatias licha*	Gach limistéar
Roc nimhe coiteann	*Dasyatis pastinaca*	7, 8
Fíogach éansocach	*Deania calcea*	5, 6, 7, 9, 10, 12
Doingean mara	*Dicentrarchus labrax*	Gach limistéar
Sól dinge	*Dicologlossa cuneata*	8c, 9
Scolabard	*Dipturus batis, Dipturis intermedius*	6, 7a, 7e-k; 8, 9a
Ainseabhaí	*Engraulis encrasicolus*	8; 9, 10
Lóchrannsiorc mór	*Etmopterus princeps*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Siorc slimbhoilg	*Etmopterus spinax*	6, 7, 8; 9, 10
Cnúdán glas	*Eutrigla gurnardus*	7de
Trosc	*Gadus morhua*	5b; 6a; 6b; 7a; 7b, 7c, 7e-k, 8, 9, 10; 5, 14
Gearrthóir	*Galeorhinus galeus*	5-10, 12
Catsúileach béaldubh	*Galeus melastomus*	6, 7; 8, 9a
Catsúileach luiche	*Galeus murinus*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Leathóg bhán	*Glyptocephalus cynoglossus*	6, 7
Siorc liath	*Hexanchus griseus*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Gormbhéal	*Helicolenus dactylopterus*	Gach limistéar

Haileabó an Atlantaigh	*Hippoglossus hippoglossus*	5, 14
Gliomach	*Homarus gammarus*	Gach limistéar
Gainneachán flannbhuí	*Hoplostethus atlanticus*	Gach limistéar
Scabaird airgid	*Lepidopus caudatus*	9a
Scoilteán na gceithre shúil	*Lepidorhombus boscii*	8c, 9a
Scoilteán	*Lepidorhombus whiffiagonis*	6; 7, 8abd; 8c, 9a
Roc gainmheach	*Leucoraja circularis*	6, 7
Roc úcaire	*Leucoraja fullonica*	6, 7
Roc na súl dubh	*Leucoraja naevus*	6, 7, 8ab; 8c; 9a
Daba	*Limanda limanda*	7a, 7f-h; 7e
Máthair shúigh	*Loligo vulgaris*	Gach limistéar
Láimhíneach an bhoilg dhuibh	*Lophius budegassa*	6; 7b-k, 8abd; 8c, 9a
Láimhíneach	*Lophius piscatorious*	6; 5b, 12, 14; 7, 8abd; 8c, 9a
Gránádóir ceanngharbh	*Macrourus berglax*	8, 9, 10, 12, 14
Portán faoilinne	*Maja brachydactyla*	5, 6, 7
Caibeallán	*Mallotus villosus*	14
Cadóg	*Melanogrammus aeglefinus*	5b, 6a; 6b, 12, 14; 7a; 7b-k, 8, 9, 10
Faoitín	*Merlangius merlangus*	8, 9, 10; 5b, 6, 12, 14; 7a; 7b-k
Colmóir	*Merluccius merluccius*	5b, 6, 7, 12, 14; 8abde; 8c, 9, 10
Sól dinge	*Microchirus variegatus*	Gach limistéar
Faoitín gorm	*Micromesistius poutassou*	1-9, 12, 14
Leathóg mhín	*Microstomus kitt*	Gach limistéar
Langa gorm	*Molva dypterygia*	5b, 6, 7; 12 uisce idirnáisiúnta
Langa Spáinneach	*Molva macrophthalma*	10
Langa	*Molva molva*	5; 6-14
Iasc gabhair	*Mullus surmuletus*	Gach limistéar
Scoirneach ballach	*Mustelus asterias*	6, 7, 8, 9
Scoirneach	*Mustelus mustelus*	6, 7, 8, 9
Scoirneach dúbhallach	*Mustelus punctulatus*	6, 7, 8, 9
Scoirneach	Mustelus spp.	5-10, 12, 14
Gliomach na hIorua	*Nephrops norvegicus*	5b, 6; 7; 8abde; 8c; 9
Ochtapas coiteann	*Octopus vulgaris*	Gach limistéar
Garbhshiorc seol-eiteach	*Oxynotus paradoxus*	5, 6, 7, 8, 9, 10

Deargán	*Pagellus bogaraveo*	6, 7, 8; 9; 10
Séacla Artach	*Pandalus borealis*	5, 14
Séaclaí bándearga	Pandalus spp.	5, 14
Rós-séacla domhainmhara	*Parapenaeus longirostris*	9a
Muirín	*Pecten maximus*	6, 7
Colmóir gabhlach mór	*Phycis blennoides*	Gach limistéar
Colmóir gabhlach	*Phycis phycis*	Gach limistéar
Leathóg	*Pleuronectes platessa*	5b, 6, 12, 14; 7a; 7bc; 7de; 7fg; 7h-k; 8, 9, 10
Mangach	*Pollachius pollachius*	5b, 6, 12, 14; 7; 8abde; 8c; 9, 10
Glasán	*Pollachius virens*	5b, 6, 12, 14; 7, 8, 9, 10
Breac raice	*Polyprion americanus*	10
Roc fionn	*Raja brachyura*	4a, 6; 7a, 7fg; 7e; 9a
Roc garbh	*Raja clavata*	6; 7a, 7fg; 7e; 8; 9a; 10, 12
Roc mionsúileach	*Raja microocellata*	7de; 7fg
Roc mín	*Raja montagui*	6, 7b, 7j; 7a, 7e-h; 8; 9a
Roc dústríoctha	*Raja undulata*	7b, 7j; 7de; 8ab; 8c; 9a
Haileabó Graonlannach	*Reinhardtius hippoglossoides*	5a, 14; 5b, 6
Sciata bán	*Rostroraja alba*	Gach limistéar
Bradán	*Salmo salar*	Gach limistéar
Breac geal	*Salmo trutta*	Gach limistéar
Sairdín	*Sardina pilchardus*	8abd; 8c, 9a
Ronnach buí	*Scomber colias*	8, 9, 10
Ronnach	*Scomber scombrus*	5, 6, 7, 8, 9
Turbard	*Scophthalmus maximus*	Gach limistéar
Broit	*Scophthalmus rhombus*	Gach limistéar
Fíogach beag	*Scyliorhinus canicula*	6, 7a-c, 7e-j; 8abd; 8c, 9a
Fíogach mór	*Scyliorhinus stellaris*	6, 7
Fíogach scianfhiacaile	*Scymnodon ringenes*	5, 6, 7, 8, 9, 10
Péirse dhomhainmhara	*Sebastes mentella*	5, 12, 14 (peiligeach éadomhain); 5, 12, 14 (peiligeach domhain); 5, 14 (speicis ghrinnill)
Péirse mhara	*Sebastes norvegicus*	5, 14
Cudal	*Sepia officinalis*	Gach limistéar
Sól	*Solea solea*	5b, 6, 12, 14; 7a; 7bc; 7d; 7e; 7fg; 7hjk; 8ab; 8cde, 9, 10
Siorc beagcheannach	*Somniosus microcephalus*	Gach limistéar
Garbhánaigh	*Sparidae*	Gach limistéar

Fíogach gobach	*Squalus acanthias*	Gach limistéar
Bolmán na Meánmhara	*Trachurus mediterraneus*	8, 9
Bolmán gorm	*Trachurus picturatus*	8, 9, 10
Bolmán	*Trachurus trachurus*	4a, 5b, 6a, 7a-c, 7e-k, 8; 9a
Troscán stopóige	Trisopterus spp.	Gach limistéar
Deoraí	*Zeus faber*	Gach limistéar

Réigiún	**An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh**
Limistéar	**An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh (FLGanna GFCM 1-29, limistéar FAO 37)**
RCG	**An Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	**Foréigiún GFCM**
Sead phontach	*Alosa immaculata*	FLGanna 28-29
Eascann Eorpach	*Anguilla anguilla*	FLGanna 1-27
Mac siobháin trédhearcach	*Aphia minuta*	FLGanna 9, 10, 16 agus 19
Séacla mór dearg	*Aristaeomorpha foliacea*	FLGanna 1-16, 19-21 agus 22-27
Séacla dearg	*Aristeus antennatus*	FLGanna 1-16, 19-21 agus 22-27
Smealt gainimh	Atherina spp.	FLGanna 9, 10, 16 agus 19
Bóg	*Boops boops*	FLGanna 1-27
Portán gorm	*Callinectes sapidus*	FLGanna 8-10, 11.2, 12-16, 18-21
Maighdeog riabhach	*Chamelea gallina*	FLGanna 17-18
Coiréalach dearg	*Corallium rubrum*	FLGanna 1-27
Dorád	*Coryphaena hippurus*	FLGanna 12-27
Doingean mara	*Dicentrarchus labrax*	FLGanna 1-27
Garbhánach fáinneach	*Diplodus annularis*	FLGanna 12-16, 19-21
Ochtapas adharcach	*Eledone cirrhosa*	FLGanna 1-23
Ochtapas muscach	*Eledone moschata*	FLGanna 8-23
Ainseabhaí	*Engraulis encrasicolus*	FLGanna 1-29
Cnúdán glas	*Eutrigla gurnardus*	FLGanna 13-16, 18-23
Catsúileach an bhéil dhuibh	*Galeus melastomus*	FLGanna 1-11
Scuid	Illex spp., Todarodes spp.	FLGanna 1-27
Iasc bolgach airgintíneach	*Lagocephalus sceleratus*	FLGanna 1-27
Máthair shúigh	*Loligo vulgaris*	FLGanna 1-27
Láimhíneach an bhoilg dhuibh	*Lophius budegassa*	FLGanna 1-16, 19-21; 22-23
Láimhíneach	*Lophius piscatorius*	FLGanna 1-16, 18-23
Faoitín	*Merlangius merlangus*	FLGanna 28-29

Colmóir	*Merluccius merluccius*	FLGanna 1-27
Faoitín gorm	*Micromesistius poutassou*	FLGanna 1-11, 22-23
Milléid ghlasa	*Mugilidae*	FLGanna 8-10, 11.2, 12-23
Milléad dearg	*Mullus barbatus*	FLGanna 1-29
Iasc gabhair	*Mullus surmuletus*	FLGanna 1-16, 19-21 agus 22-27
Gliomach na hIorua	*Nephrops norvegicus*	FLGanna 1-21
Ochtapas coiteann	*Octopus vulgaris*	FLGanna 1-27
Deargán	*Pagellus bogaraveo*	FLGanna 1-11
Garbhánach coiteann	*Pagellus erythrinus*	FLGanna 1-27
Cloicheán caramóiteach	*Penaeus kerathurus*	FLGanna 22-23
Rós-séacla domhainmhara	*Parapenaeus longirostris*	FLGanna 1-27
Portán gorm	*Portunus segnis*	FLGanna 8-10, 11.2, 12-16, 18-21
Dragainéad coiteann	*Pterois miles*	FLGanna 1-27
Roc réaltach Meánmhuirí	*Raja asterias*	FLGanna 1-11
Roc garbh	*Raja clavata*	FLGanna 1-16, 19-21
Cuachma fhéitheach	*Rapana venosa*	FLGanna 28-29
Sairdín	*Sardina pilchardus*	FLGanna 1-27
Mionsairdín cruinn	*Sardinella aurita*	FLGanna 1-16, 19-21 agus 22-27
Laghairtiasc	*Saurida lessepsianus*	FLGanna 22-27
Laghairtiasc mórghainneach	*Saurida undosquamis*	FLGanna 22-27
Turbard	*Scophthalmus maximus*	FLGanna 28-29
Ronnach buí	*Scomber colias*	FLGanna 1-11, 22-27
Ronnach	*Scomber scombrus*	FLGanna 1-16, 19-21
Gach siorc, roc agus sciata tráchtála (4)	*Selachii, Rajidae*	FLGanna 1-29
Cudal	*Sepia officinalis*	FLGanna 1-21
Iasc coinín breacdhorcha	*Siganus luridus*	FLGanna 22-27
Iasc coinín marmartha	*Siganus rivulatus*	FLGanna 22-27
Sól	*Solea solea (Solea vulgaris)*	FLGanna 17-18, 22-27
Garbhánach órcheannach	*Sparus aurata*	FLGanna 7, 22-23
Baracúdach Eorpach	*Sphyraena sphyraena*	FLGanna 12-16, 19-21
Spicara	*Spicara smaris*	FLGanna 17-18, 22-27
Salán Eorpach	*Sprattus sprattus*	FLGanna 28-29
Fíogach gobach	*Squalus acanthias*	FLGanna 28-29
Scuillid mhaintise	*Squilla mantis*	FLGanna 17-18
Bolmán na Meánmhara	*Trachurus mediterraneus*	FLGanna 1-29

Bolmán gorm	*Trachurus picturatus*	FLGanna 1-11
Bolmán an Atlantaigh	*Trachurus trachurus*	FLGanna 1-29
Miontrosc	*Trisopterus minutus*	FLGanna 1-29
Breallaigh	*Veneridae*	FLGanna 6, 13-21

Réigiún	**Na réigiúin is forimeallaí**
Limistéar	**Uiscí an Aontais Eorpaigh mórthimpeall na nAsór (limistéar FAO 27.10.a.2), Maidéara agus na nOileán Canárach (limistéar FAO 34.1.2)**
RCG	**ceann ar bith**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	
Bairnigh	*Patellidae*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nAsór, Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nOileán Canárach/Mhaidéara
Sairdín	*Sardina pilchardus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nAsór, Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nOileán Canárach/Mhaidéara
Mionsairdín cruinn	*Sardinella aurita*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nOileán Canárach/ Mhaidéara
Mionsairdín Maidéarach	*Sardinella maderensis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nAsór
Iasc pearóide	*Sparisoma cretense*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nAsór, Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na nOileán Canárach/Mhaidéara

Réigiún	**Na réigiúin is forimeallaí**
Limistéar	**Uiscí an Aontais Eorpaigh timpeall Ghuáin na Fraince, Martinique agus Oileáin Guadalúip (limistéar FAO 31)**
RCG	**ceann ar bith**

Speiceas (ainm coitianta)	**Speiceas (ainm eolaíoch)**	
Cat mara bog-cheannach	*Amphiarius rugispinis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Cat mara piraíba	*Brachyplatystoma filamentosum*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Bolmán crevalle	*Caranx hippos*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Snúic(= Róbalónna) nach n-áirítear in áit eile	Centropomus spp.	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Lagiasc acoupa	*Cynoscion acoupa*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Lagiasc beagfhiaclach	*Cynoscion steindachneri*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Lagiasc glas	*Cynoscion virescens*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Garúpach Góiliat Atlantach	*Epinephelus itajara*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Gramhsaire torroto	*Genyatremus luteus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Tríearrach Atlantach	*Lobotes surinamensis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Sclamhaire dearg deisceartach	*Lutjanus purpureus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Rí-lagiasc	*Macrodon ancylodon*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Tarpán	*Megalops atlanticus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Séacla donn deisceartach	*Penaeus subtilis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Grágaire geal Deas-Mheiriceánach	*Plagioscion squamosissimus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince

Cat mara buí-eiteach	*Sciades parkeri*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Cat mara na croise céasta	*Sciades proops*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Ronnaigh nach n-áirítear in áit eile	Scomberomorus spp.	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuáin na Fraince
Iasc bó criathraithe	*Acanthostracion polygonius*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Iasc bó ceithre-adharcach	*Acanthostracion quadricornis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Earrspíonach mara	*Acanthurus bahianus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Dochtúir-iasc	*Acanthurus chirurgus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Iasc líomhánach breactha	*aluterus scriptus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Gramhsaire dubh Margate	*Anisotremus surinamensis*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Roic nach n-áirítear in áit eile	*Batoidimorpha (Hypotremata)*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Iasc truicir banríona	*Balistes vetula*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Garbhánach gorm	*Calamus bajonado*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Iasc líomhánach bánbhallach Meiriceánach	*Cantherhines macrocerus*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Iasc truicir mara	*Canthidermis sufflamen*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
Bolmán buí	*Caranx bartholomaei*	Limistéar Eacnamaíoch Eisiach Ghuadalúip agus Martinique
